agus a cuid maoine uilig a thabhairt ar ais do mhuintir na hÉireann. Is ionann mar sin liom an Réabhlóid is gá chun na hAthghabhála sin agus slánú na Gaeilge. Mar sin gníomh ar bith a bhorrfas le meanmna phobal na Gaeilge is cuid agus cuid thábhachtach den Athghabháil é.

Tugann sibh faoi ndeara go mbainim leas as an bhfocal 'aicme' sách minic, focal is ionann agamsa agus **class**. Cuimhneo cuid agaibh ar an **gclass warfare.**

Bhí an smaoine seo teálta the i m'intinn sul ar fhága mé an Ghaeltacht ná ar chuala mé caint ar Mharx ná ar an gConaolach ariamh. Thuig an Conaolach cás na Gaeilge. Dhá mbeadh ní ba mhó eolais aige faoin nGaeltacht tá mé cinnte go mbainfeadh sé leas as a cuid cúrsaí le neartú len a theagasc. Mar thar áit ar bith in Éirinn tá an t-idirdhealú aicmeach, an **class distinction**, suntasach sa nGaeltacht. Gheobhadh Marx, Engels agus Lenin cruthú breá ann ar a ndeimhne gurb iad an ardaicme agus lucht an rachmais, na **capitalists**, is túisce a thréigeas safúlacht nó cultúr na muintire. B'ionann na boicht agus lucht na Gaeilge. Bhí an fuath aicmeach seo gniosta ionam i bhfad sul ar léigh mé an chéad fhocal den Chonaolach ná de **Das Kapital**. Agus nuair a léigh thuig mé ar an bpointe céard é. Agus tá seo amhala sa nGaeltacht fós. Cé an fáth nach mbeadh? Ní call do dhuine a dhéanamh ach breathnú ar an anbhás atá aicme an rachmais á imirt ar chultúr na muintire. An bhfuil an fhuath aicmeach seo ag lucht rachmais na Gaeltacht do mo leithéid-sa? Go cinnte, tá. Níl mise ach ag dearbhú an choga aicmíocht. Tá na Petie O'Sheas,[3] na Fullers[4] agus óstáin na Rosa ag cur an choga sin, dhá fheidhmiú go nimhe neánta ó lá go lá agus ó bhliain go bliain in aghaidh an aicme íochtair agus a gcultúir.

Ní hé amháin gur cóir do lucht na Gaeilge a bheith páirteach i gcoga seo Athghabhála na hÉireann — is é an t-aon rud é ar fiú a bheith páirteach ann in Éirinn — ach is é ár ndualgas a bheith dhá chinnireacht agus dhá threorú. Bíodh an Ghaeilge ag stiúra na réabhlóide, ar an gcaoi seo bíodh an Ghaeilge ar na smaointí is forásaí in Éirinn: is ionann sin agus slánú na Gaeilge. 'Sí an Ghaeilge Athghabháil na hÉireann agus is í Athghabháil na hÉireann slánú na Gaeilge. 'Sí teanga na muintire a shlánós an mhuintir. Mar sin, an áit is tréine an agóid bíodh an póistéara Gaeilge le feiceáil agus an gháir Ghaeilge le cloisteáil. An áit is tréine an dushlán in aghaidh an rachmais, in aghaidh na héagóra, ar son na bhfann agus na mbocht, bíodh fáinne Gaeilge an Choirnéil le feiceáil agus leas dhá bhaint as anois nár shamhalaigh an Coirnéal ariamh.

Níl mise i n-ann a inseacht go mion cé an chaoi le tabhairt faoin nGníomhaíocht seo agus dhá mbeadh féin ní bheadh ionú agam anois. Má théann sé i gcion ar dhaoine go bhfuil riachtanas le athrú mór, tá mé cinnte go dtuigfe siad féin ar bhealach níos fearr ná thuigimse céard is cóir a dhéanamh agus cén bealach len a dhéanamh. Tá mé cinnte nach gníomhaíocht ná bealach ró-neamhchosúil le mo chuidse a bhéas acu faoi dheire thiar. Tá cúpla leide agam. Beidh gnéithe diúltach agus gnéithe dearfach ag baint le gníomhaíocht ar bith slím. Tar éis gur gníomhaíocht náisiúnta, pholaitiúil, shóisialta agus gheilleagrach a mholaim, caithfe muid cuimhniú go gcaithfe baint ar leith a bheith ag an gcion se'againne den saothar leis an nGaeilge. Mar fheicim an chuid seo den saothar, is éiliú ar chearta Cathartha do lucht na Gaeltacht agus do lucht na Gaeilge